Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8145/25**

**MAR 60**
**DELACT 43**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 2021 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 7.4.2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 a mhéid a bhaineann le tacar sonraí na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 2021 final.

Faoi iamh: C(2025) 2021 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.4.2025
C(2025) 2021 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.4.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 a mhéid a bhaineann le tacar sonraí na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don ghníomh tarmligthe seo leasú a dhéanamh ar thacar sonraí na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí arna bhunú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1239 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (EMSWe) agus dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/1239, ina bhfuil an liosta iomlán eilimintí sonraí a eascraíonn as oibleagáidí tuairiscithe, chun aghaidh a thabhairt ar na hoibleagáidí tuairiscithe sonraí atá neamh-chomhchuibhithe faoi láthair le haghaidh long nuair a thugtar cuaird ar chalafort san Aontas.

Cuirtear san áireamh i dtacar sonraí EMSWe forálacha reatha maidir le tuairisciú éigeantach a bhaineann le reachtaíocht an Aontais, ionstraimí dlí idirnáisiúnta agus reachtaíocht agus ceanglais náisiúnta. Go sonrach, rinne an leasú measúnú ar chomhoiriúnacht thacar sonraí EMSWe leis na ceanglais sonraí is infheidhme faoi láthair sa réimse custaim a eascraíonn as Rialachán (AE) 2015/2446 agus Rialachán (AE) 2015/2447. San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 tugtar an mhapáil le Coimre FAL IMO agus tugtar an léiriú má iarrtar eilimint sonraí leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm i ngach Ballstát.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le mír 4 den Chomhthuiscint ar na gníomhartha tarmligthe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach, rinneadh comhairliúcháin thrédhearcacha iomchuí, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, maidir leis an ngníomh tarmligthe seo toisc go raibh saineolas níos leithne de dhíth mar chuid den ullmhúchán luath don ghníomh tarmligthe seo.

Chun an gníomh tarmligthe seo a ullmhú, ba ghá faisnéis agus sonraí arna gcur ar fáil ag na Ballstáit a bhailiú. Chuathas i gcomhairle le comhlachais tionscail le linn na hoibre ullmhúcháin freisin.

Bhí ábhar an ghnímh tharmligthe faoi réir comhairliúchán leis an nGrúpa Stiúrtha Ardleibhéil (HLSG) um Rialachas an Chórais Mhuirí Dhigitigh agus na Seirbhísí Muirí Digiteacha (E03450[1]), leis an nGrúpa um Chomhordú na Timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus a fhoghrúpaí (E03923[2]), agus leis an nGrúpa Gnó Custaim (E03110[3]). Cuireadh na leasuithe ar thacar sonraí EMSWE i láthair go críochnúil agus rinneadh iad a phlé i sraith cruinnithe le saineolaithe, an chéad cheann acu a reáchtáladh an 30 Bealtaine 2023. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na comhairliúcháin a bhí ar siúl agus tugadh cuireadh chun na gcruinnithe di.

Comhroinneadh tacar sonraí EMSWe athbhreithnithe leis an bpobal gnó freisin, amhail comhlachais tionscail atá gníomhach san earnáil mhuirí, úinéirí long, cuideachtaí loingseoireachta, oibreoirí calafoirt, oibreoirí córais pobail calafoirt, críochfoirt, gníomhairí loingseoireachta agus seoltóirí lasta. Is breathnóirí tráthrialta sna grúpaí saineolaithe iad na páirtithe leasmhara sin agus, dá bhrí sin, chuathas i gcomhairle leo mar is ceart.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is de bhun Rialachán (AE) 2019/1239, agus go háirithe Airteagal 3(3) de, atá an Rialachán Tarmligthe seo le glacadh.

---

[1] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?do=groupDetail.groupDetail&groupID=3450&lang=ga

[2] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?do=groupDetail.groupDetail&groupID=3923&lang=ga

[3] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?do=groupDetail.groupDetail&groupID=3110&lang=ga

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.4.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 a mhéid a bhaineann le tacar sonraí na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE[4], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Léiríodh leis an taithí a fuarthas le linn na chéad chéime de chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1239 i gcomhar le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 ón gCoimisiún[5] go bhfuil gá le leasuithe ar thacar sonraí na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (‘tacar sonraí EMSWe’), arna bhunú le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205, chun an liosta eilimintí sonraí a eascraíonn as na hoibleagáidí tuairiscithe a thabhairt chun críche agus a chomhchuibhiú.

(2) Tá comhairliúchán iomchuí déanta ag an gCoimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe agus le páirtithe leasmhara, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thacar sonraí EMSWe trína ailíniú ar bhonn níos fearr leis na gníomhartha dlí foluiteacha de chuid an Aontais agus na gníomhartha dlí foluiteacha idirnáisiúnta, agus leis na riachtanais ghnó agus theicniúla.

(3) Áirítear i dtacar sonraí EMSWe freisin na heilimintí sonraí a éilítear de réir na reachtaíochta náisiúnta nach mór a sholáthar i ndáil le cuaird ar chalafort. Ó glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205, i bhfianaise chastacht na reachtaíochta náisiúnta agus na gceanglas lena mbunaítear oibleagáid tuairiscithe le linn cuaird ar chalafort, léirítear le hobair na ngrúpaí saineolaithe gur gá na heilimintí sonraí sin a chomhchuibhiú a thuilleadh i dtacar sonraí EMSWe.

(4) Agus é á chur san áireamh gur leasaíodh Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún[6], ina leagtar amach na ceanglais

[4] IO L 198, 25.7.2019, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1239/oj.

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1239 a mhéid a bhaineann le tacar sonraí na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis (IO L 33, 3.2.2023, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/205/oj).

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

choiteanna sonraí i ndáil le dearbhuithe, fógraí agus cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/249 ón gCoimisiún[7], is gá tacar sonraí EMSWe a leasú chun an mhapáil idir a eilimintí sonraí agus na heilimintí sonraí comhfhreagracha in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a ailíniú.

(5) Ag an 47ú seisiún (an 13 go dtí an 17 Márta 2023) agus an 48ú seisiún (an 8 go dtí an 11 Aibreán 2024) de Choiste Éascaíochta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), d'fhormheas sé leaganacha nua de Choimre IMO maidir le héascaíocht agus gnó leictreonach ('Coimre IMO'). Dá bhrí sin, is gá tacar sonraí EMSWe a leasú chun an mhapáil idir a eilimintí sonraí agus eilimintí sonraí comhfhreagracha Choimre IMO a thabhairt cothrom le dáta.

(6) Is gá tacar sonraí EMSWe a leasú freisin chun an liosta ainmneacha, formáidí agus sainmhínithe eilimintí sonraí, a mapáil leis na hoibleagáidí tuairiscithe comhfhreagracha, an liosta cód atá le cur i bhfeidhm maidir le heilimintí sonraí, agus na rialacha gnó a thabhairt cothrom le dáta.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7.4.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/249 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a mhéid a bhaineann le ceanglais choiteanna sonraí chun faisnéis áirithe a mhalartú agus a stóráil faoin reachtaíocht custaim (IO L, 2024/249, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/249/oj).